**Bileog 11**

# Scéimeanna Cónaithe

Is deis iontach í seo chun árasán a roinnt le mic léinn eile atá sásta an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas. Bíonn deontas nó scoláireacht i gceist i gcásanna áirithe. D'fhéadfadh na spriocdhátaí athrú ó bhliain go bliain. Coimeád súil ar shuíomhanna na n-ollscoileanna nó déan teagmháil leo le bheith cinnte go bhfuil an t-eolas is cruinne agat.

## Scéim Chónaithe – Ollscoil Mhá Nuad

30 árasán (seomra singil ensuite) ar champas na hollscoile. Is féidir le gach mac léinn iarratas a dhéanamh, agus bíonn meascán de mhic léinn na chéad bhliana, mic léinn fochéime agus mic léinn iarchéime ag fanacht ann.

Níl deontas ná scoláireacht i gceist leis an scéim áirithe seo.

**Sprioc d'iarratais: Lúnasa**

**Agallaimh: Lúnasa**

## Scéimeanna Cónaithe Choláiste na Tríonóide

Tá dhá chuid leis an Scéim Chónaithe i gColáiste na Tríonóide: 12 spás ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana i Halla na Tríonóide, agus 18 spás dóibh siúd atá sna blianta eile ar an gcampas nó i Halla na Tríonóide.

Tugtar deontas €1000 do gach mac léinn ar an Scéim chun costais na cóiríochta a laghdú.

**Sprioc d'iarratais: Iúil**

**Agallaimh: Lár/deireadh mhí Iúil**

## Scéim Chónaithe Gaeilge do Mhic Léinn Ghaeltacht UCD

Tairiscíonn Gaeltacht UCD 24 scoláireacht (12 scoláireacht do lucht na chéad bhliana), d'fhochéimithe chun maireachtáil i dTeach na Gaeilge, atá suite ar champas an choláiste.

Athraítear méid na scoláireachta gach bliain - anuraidh tugadh deontas €1500 do mhic léinn Theach na Gaeilge.

**Sprioc d'iarratais: Aibreán**

**Agallaimh: Bealtaine**

## Áras Uí Thuama – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Árasáin ar fáil le 2,3,4 sheomra codlata agus ensuite i bhformhór acu agus is féidir le mic léinn i ngach bliain ollscoile iarratas a dhéanamh air.

Tá scoláireachtaí €500 á dtairiscint ag an mBord. Aisíocfar éarlais €300 ag deireadh na bliana acadúla ina gcás siúd a mbíonn coinníollacha na scéime comhlíonta acu.

**Sprioc d'iarratais: Bealtaine**

**Agallaimh: Meitheamh**

## Scéim Cónaitheachta Gaeilge Ollscoile na Gaillimhe

Líon teoranta árasáin i mBaile na Coiribe ar fáil, seomra singil nó seomra dúbailte agus ensuite i gceist leo.

Níl deontas ná scoláireacht i gceist leis an scéim áirithe seo.

**Sprioc d'iarratais: Deireadh mhí an Mhárta**

**Agallaimh: Aibreán**

## Scéim Chónaithe na Gaeilge Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Deis iarratas a dhéanamh chun lóistín a fháil le Gaeilgeoirí eile in árasáin Elms BT1 tríd an bpróiseas iarratais QUB Accommodation. Tugtar tús áite do mhic léinn atá ag tabhairt faoi chéim lánaimseartha a bhaineann leis an nGaeilge.

Níl deontas ná scoláireacht i gceist leis an scéim áirithe seo.

**Sprioc d'iarratais: Deireadh mhí an Mheithimh**

## Scéim Chónaithe na Gaeilge Ollscoil Uladh

Deis iarratas a dhéanamh chun lóistín a fháil le Gaeilgeoirí eile trí ghnáthphróiseas iarratais na hollscoile.

**Sprioc d'iarratais: Lúnasa**



Coláiste na Tríonóide





Ollscoil Luimnigh



Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

# Scéimeanna Cónaithe

**Comhairle agus tú ag cur isteach ar scéim chónaithe: 10 nod!**

1. Deán cinnte go bhfuil próifíl Ghaeilge agat! Deán gach iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn ar choistí scoile agus/nó amuigh sa phobal, m.sh. glac páirt i dtraenáil spóirt trí Ghaeilge, i ranganna ceoil, i gcomórtais scríbhneoireachta, in imeachtaí cultúrtha ar nós an Oireachtais, díospóireachtaí Gaeilge, cláir teilifíse nó raidió as Gaeilge, Fleánna Ceoil agus mar sin de.
2. Labhair le mic léinn a bhí/atá ar scéim chónaithe agus faigh moltaí uathu sula líonann tú an fhoirm iarratais.
3. Deán dréacht den fhoirm iarratais i bhfad roimh an sprioc agus taispeáin í do do mhúinteoir Gaeilge/do mhac léinn a bhí ar scéim chónaithe cheana/do dhuine atá gníomhach i saol na Gaeilge chun moltaí a fháil uathu.
4. Ná dearmad aon rud atá déanta agat ar son na Gaeilge agus cuimhnigh ar na buntáistí ar fad a bhaineann le bheith páirteach i scéim mar seo.
5. Breac síos na cúiseanna ar fad gur mhaith leat a bheith ar scéim mar seo agus na slite go léir ina gcuirfeá leis an scéim go pearsanta – na rudaí breise a thabharfá don chomhluadar Gaeilge san Ollscoil.
6. Má tá aon cháipéisíocht bhreise agat atá go maith chun do phróifíl Ghaeilge a léiriú, seol í sin isteach i dteannta na foirme iarratais!
7. Sula ndéanann tú an t-agallamh, déan cleachtadh maith le múinteoir/cara/tuismitheoir, agus bí cinnte go gcuireann tú tú féin chun cinn go maith agus go léann tú siar ar d'fhoirm iarratais roimh ré. Bí ullamh tú féin agus do shuim sa Ghaeilge a léiriú.
8. Cuimhnigh ar gach rud atá déanta agat ar son na Gaeilge agus ar na slite ar fad inar mhaith leatsa an Ghaeilge a chur chun cinn san Ollscoil – na cúiseanna gur saibhre an scéim seo má bhíonn tusa páirteach ann!
9. Bí gealgháireach agus nádúrtha ag an agallamh agus cuimhnigh nach scrúdú atá ann.
10. Íoslodáil an fhoirm anois (nó nuair a bheidh sí ar fáil ón Ollscoil) agus go n-éirí leat!



**Agallamh le Muireann Nic Corcráin (Scéim Chónaithe Choláiste na Tríonóide)**

**Cén fáth ar chuir tú isteach ar an Scéim Chónaithe?**

Sular thosaigh mé mo chéad bhliain i gColáiste na Tríonóide, bhí scéalta cloiste agam faoin Scéim Chónaithe agus na rudaí a bheadh ar siúl acu. Bhí a fhios agam ón tréimhse sin go raibh mé ag iarraidh a bheith páirteach sa phobal seo agus pobal na Gaeilge san ollscoil. Bhí an t-ádh dearg orm a bheith páirteach sa Scéim agus mé sa dara bliain agus sa tríú bliain, agus mé mar Mheantóir na Scéime sa tríú bliain freisin.

**Cén saghas rudaí a bhíodh ar siúl agaibh?**

D'eagraigh muid an méid sin imeachtaí éagsúla, cosúil le Tóraíocht Taisce, céilithe, Mic Oscailte agus a leithéid. Chuireamar an Scéim Chónaithe chun cinn ar na meáin, Instagram agus TikTok ach go háirithe, agus tá ár bhfeachtas 'Muintir na Scéime' fós ag tarlú sa lá atá inniu ann. Bhí sé cosúil le clann mhór a aimsiú ar champas, agus is iad mo chairde ón Scéim mo chairde is fearr fós sa lá atá inniu ann.

**Cén tábhacht a bhaineann leis an Scéim Chónaithe, dar leat?**

An rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim mé ón taithí seo ná go bhfuil spás ann don Ghaeilge ar champas. Chomh maith leis sin, tá an Scéim Chónaithe tábhachtach chun a léiriú do chuile dhuine go bhfuil fáilte is fiche roimh an teanga agus an chultúr ar champas. Is teanga bheo í an Ghaeilge agus is eiseamláir den scoth í an Scéim Chónaithe do dhaoine atá ag caitheamh saol na hollscoile trí Ghaeilge agus ag baint spraoi as í a úsáid agus a roinnt le gach éinne.

**Físeán faoi chomhluadar na Gaeilge in UCC i mbun oibre (a lán de na mic léinn seo páirteach sa Scéim Chónaithe):**

**Leabhrán Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG):**

**www.saoloibre.ie**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2023**